



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011

**OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL**

DÉ LUAIN, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30 – 3.00

Uimhir an Ionaid

Scrúduimhir

## TREORACHA

1. Déan deimhin de go scríobhann tú do scrúduimhir sa bhosca thuas.
2. Freagair **gach ceist** i Roinn 1 (18 marc)  
Freagair **trí cheist ar bith** i Roinn 2 (42 marc)  
Freagair **ceist amháin ar bith** i Roinn 3 (20 marc)  
Iomlán (80 marc)
3. Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.
4. Tabhair an páipéar seo ar ais ag deireadh an scrúdaithe.

Don Scrúdaitheoir		
	Ceist	Marc
<b>Roinn 1</b>	C1	
	C2	
	C3	
<b>Roinn 2</b>	C1	
	C2	
	C3	
	C4	
<b>Roinn 3</b>	C1	
	C2	
	C3	
	C4	
<b>IOMLÁN</b>		
<b>Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh</b>		
<b>Bónasmharc don fhreagairt trí Ghaeilge</b>		
<b>MÓRIOMLÁN a bronnadh má tá bónasmharc don Ghaeilge san áireamh</b>		

## ROINN 1

Freagair GACH ceist sa roinn seo.

1. Is grianghraif de ceithre fhoirgneamh cháiliúla iad na grianghraif seo a leanas. Scríobh síos, sna spásanna atá ar fáil, ainm an fhoirgnimh agus teideal an duine atá i bhfeighil ann.

Ná húsáid foirgneamh ná duine ar leith ach **UAIR AMHÁIN**.

**Foirgneamh:** Pálás Buckingham  
An Teach Bán  
Teach Laighean  
Áras an Uachtaráin

**Duine :** Banríon Shasana  
An Taoiseach  
Uachtarán na hÉireann  
Uachtarán SAM



(a) Foirgneamh: \_\_\_\_\_

Duine: \_\_\_\_\_

(b) Foirgneamh: \_\_\_\_\_

Duine: \_\_\_\_\_



(c) Foirgneamh: \_\_\_\_\_

Duine: \_\_\_\_\_

(d) Foirgneamh: \_\_\_\_\_

Duine: \_\_\_\_\_

(8 marc)

2. Cuir na focail chearta sna spásanna atá ar fáil chun na habairtí seo a leanas a chríochnú. Tá an chéad litir de gach focal curtha ar fáil duit.
- (a) Is éard a thugtar ar na hocht bplean a rinne na 192 ballstát de chuid na Náisiún Aontaithe chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht, oideachas a chur ar gach leanbh agus iarracht a dhéanamh ar fhadhbanna an tríú domhain a réiteach ná Spriocanna F \_\_\_\_\_ na M \_\_\_\_\_.
- (b) Mar mhaithe le gearradh anuas ar an dramhaíl moltar do dhaoine: L \_\_\_\_\_, A \_\_\_\_\_ agus A \_\_\_\_\_.
- (c) Is éard a thugtar ar na daoine in Éirinn a choimeádann an tsíocháin agus a chuireann an dlí i bhfeidhm ná An G \_\_\_\_\_ S \_\_\_\_\_.
- (d) Is féidir le daoine óga i scoileanna a dtuairimí a chur in iúl trí Ch \_\_\_\_\_ M \_\_\_\_\_ L \_\_\_\_\_.
- (e) Is cluichí comórtais iad Na C \_\_\_\_\_ O \_\_\_\_\_ S \_\_\_\_\_ a bhíonn ar siúl gach ceithre bliana do dhaoine faoi mhíchumas.
- (f) Is eagraíocht in Éirinn é T \_\_\_\_\_ a dhéanann obair i dtíortha tearcfhorbartha ag cabhrú leo chun cabhrú leo féin. Is féidir le hÉireannaigh páirt a ghlacadh ina bhFeachtas Carghais gach bliain.
- (g) Tá saighdiúirí Éireannacha tar éis páirt a ghlacadh i mórán misean síochánaíochta leis na N \_\_\_\_\_ A \_\_\_\_\_.

(7 marc)

3. Mínigh gné **AMHÁIN** d'obair na ndaoine seo a leanas trí na habairtí a chríochnú sa spásanna atá ar fáil.

(a) Is é an Ceann Comhairle an duine a \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

(b) Is é an tOifigeach Ceannais i dtoghchán an duine a \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

(c) Is duine é an tOmbudsman a \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

(3 marc)

## ROINN 2

Freagair TRÍ cinn ar bith de na ceisteanna uimhrithe 1, 2, 3, 4 thíos.

Tá 14 marc ag gabháil le gach ceist.

### 1. ‘Súphointí’ do Charranna Leictreacha

Déan staidéar ar ‘Súphointí’ do Charranna Leictreacha – *Alt Nuachtáin do Roinn 2, Ceist 1*, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 1).

Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an *Alt Nuachtáin* seo, freagair na ceisteanna thíos.

(a) Cad is ‘súphointe’ ann?

---

Cé mhéad ‘súphointe’ a bheidh tógtha faoi dheireadh na bliana 2011?

---

Conas is féidir le tiománaí deis a fháil úsáid a bhaint as ceann de na ‘súphointí’ seo?

---

(3 marc)

(b) Cá fhad a thógfaidh sé athluchtú iomlán a dhéanamh ar charr, dar leis an alt nuachtáin?

---

Nuair atá luchtú iomlán déanta ar charr, cá fhad is féidir leis taisteal sula mbeidh sé le hathluchtú?

---

(2 marc)

- (c) Taispeánann an feachtas, *Cumhacht Duine Amháin* a sheol an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, gur féidir le gach duine againn an méid fuinnimh a úsáidimid a laghdú trí ghníomhartha simplí sa bhaile, ar scoil/ag obair agus nuair a bhímid ag taisteal.

Ainmnigh **TRÍ** ghníomhaíocht shimplí ar féidir le **GACH SAORÁNACH** iad a dhéanamh chun an méid fuinnimh a úsáideann said a laghdú.

An Chéad Ghníomhaíocht: \_\_\_\_\_

An Dara Ghníomhaíocht: \_\_\_\_\_

An Tríú Ghníomhaíocht: \_\_\_\_\_

(3 marc)

- (d) Agus freagra tugtha agat ar na coda (a), (b) agus (c) thuas, mínigh cad a thuigeann tú le coincheap na *Maoirseachta* ar an gcúrsa.

Is éard is brí le Maoirseacht ná \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(3 marc)

- (e) Bunaíodh *Uair ar son an Domhain* chun go ndéanfadh daoine ar fud an domhain a soilse a mhúchadh ar an Satharn deireanach de mhí an Mhárta gach bliain. Tá an-spéis agat san fheachtas seo agus ba mhaith leat go ndéanfadh do rang Tionscadal Gníomhaíochta ar an gceist seo. Tabhair **TRÍ** chúis a thabharfá do do mhúinteoir gur chóir do do rang Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanamh air seo.

Cúis 1: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Cúis 2: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Cúis 3: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(3 marc)

2. **faoina hOCHT DÉAG**

Déan staidéar ar an bPóstaer – *faoina hOCHT DÉAG* do Roinn 2, Ceist 2, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 2).

Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an bPóstaer seo, freagair na ceisteanna thíos.

- (a) Cad é an ghnáthaois íosta do ghnáthphost?

\_\_\_\_\_

Cad é an t-uasmhéid uaireanta an chloig oibre in aghaidh na seachtaine atá dleathach i gcás duine atá 15 bliana d'aois:

(i) Le linn na scoilbhliana? \_\_\_\_\_

(ii) Le linn na laethanta saoire? \_\_\_\_\_

(3 marc)

- (b) Má tá tú faoi 16 bliana agus ag dul ar scoil an mhaidin dar gcionn, cé chomh déanach agus a cheadaítear duit a bheith ag obair an oíche roimh ré?

\_\_\_\_\_

Má tá tú faoi 16 bliana cé na sosanna is cóir duit a fháil tar éis ceithre huaire an chloig oibre?

\_\_\_\_\_

(2 marc)

- (c) Déanann an póstaer seo cearta leanaí a iniúchadh. Ainmnigh **DHÁ** cheart de chuid na leanaí a leagtar béim orthu sa phóstaer seo.

An Chéad Cheart: \_\_\_\_\_

An Dara Ceart: \_\_\_\_\_

(2 marc)

- (d) Cén fáth, dar leat, a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh a gcearta ar eolas ag daoine óga faoi 18 mbliana agus iad ag obair?

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(3 marc)

- (e) I mórán tíortha ar fud an domhain séantar a gcearta ar leanaí agus cuirtear iallach orthu obair a dhéanamh ar feadh uaireanta fada an chloig, i ndrochdhálaí oibre, ar bheagán airgid.

Ba mhaith le do rang níos mó a fhoghlaim mar gheall ar an gceist seo.  
Ainmnigh **DHÁ** áit a bhféadfá dul chun breis eolais a fháil ar an gceist seo.

An Chéad Áit: \_\_\_\_\_

An Dara hÁit: \_\_\_\_\_

Ainmnigh Tionscadal Gníomhaíochta a d'fhéadfá a dhéanamh ar an gceist seo.

Tionscadal Gníomhaíochta: \_\_\_\_\_

Cad a bheadh súil agat a bhaint amach agus an tionscadal seo á dhéanamh agat?

---

---

(4 marc)

3. **Buirgléireacht – Na Fíricí**

Déan staidéar ar Buirgléireacht – Na Fíricí – *Bileog Eolais do Roinn 2, Ceist 3*, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 3).

Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an mBileog Eolais seo, freagair na ceistanna thíos.

- (a) Cén céatadán den bhuirgléireacht a tharlaíonn idir 8:00 a.m. agus 8:00 p.m.?

---

Cá fhad ar an meán a thógann sé ar an ngnáthbhuirgléir briseadh isteach i do theach?

---

Cén rannóg den Gharda Síochána a chruthaigh an bhileog eolais seo?

---

(3 marc)

- (b) Ainmnigh **DHÁ** ghníomhaíocht is féidir le daoine a dhéanamh chun cosc ar chur ar bhuirgléireacht?

An Chéad Ghníomhaíocht: \_\_\_\_\_

An Dara Gníomhaíocht: \_\_\_\_\_

(2 marc)

- (c) Ainmnigh **TRÍ** rud eile a dhéanann an Garda Síochána seachas cabhrú chun buirgléireacht a chosc.

An Chéad Rud: \_\_\_\_\_

An Dara Rud: \_\_\_\_\_

An Tríú Rud: \_\_\_\_\_

(3 marc)



- (d) Dhá thionscadal iad *Faire Comharsanachta* agus *Pobal ar Aire* atá ar siúl idir pobail áitiúla agus an Garda Síochána agus iad araon ag iarraidh cosc a chur ar choireanna. Cad a dhéanann na pobail áitiúla a ghlacann páirt sna tionscadail seo?

---

---

---

---

(3 marc)

- (e) Nuair a théann daoine a bhfuil coireanna tromchúiseacha déanta acu os comhair na cúirte bíonn giúiré ann. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh giúiré ann agus nach breithiúna amháin a bheadh ann sna cásanna seo?

---

---

---

---

(3 marc)

4. **TÁ AOIBH AR AN AFRAIC FREISIN**

Déan staidéar ar Tá Aoibh ar an Afraic Freisin – *Leathanach Baile do Roinn 2, Ceist 4*, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 4).

Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an Leathanach Baile, freagair na ceisteanna thíos.

- (a) Ainmnigh aon **DÁ** luach a mbíonn Ionad na hAfraice ag obair ar a son.

An Chéad Luach: \_\_\_\_\_

An Dara Luach: \_\_\_\_\_

(2 marc)

- (b) Cén roinn rialtais a ritheann Cúnamh Éireann (Irish Aid)?

\_\_\_\_\_

Cén rud a gcreideann Ionad na hAfraice ann?

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Cén rud a deir an leathanach baile **NACH** ceart neamhshuim a dhéanamh de?

\_\_\_\_\_

(3 marc)

- (c) Cé na rianta atá fágtha ar an Afraic, dar leis an leathanach baile?

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(2 marc)

- (d) ‘Tá Aoibh ar an Afraic Freisin’ an t-ainm atá ar an bhfeachtas seo agus taispeántar daoine atá sona, ach is íomhánna brónacha iad mórán de na híomhánna de mhuintir na hAfraice, nó de dhaoine i dtíortha níos boichte.

Cé acu ceann den dá chineál íomhá seo a mheasann tú a chuirfeadh fonn ort tacaíocht a thabhairt d’fheachtas tiomsaithe airgid chun cabhrú le daoine i dtíortha níos boichte?

---

Mínigh do rogha: \_\_\_\_\_

---

---

(3 marc)

- (e) Seantearma Afracach é *Ubuntu* a chuireann síos ar an aire a thugaimid dá chéile, ar an gcaoi a roinnimid ár gcuid le chéile agus a mbíimid i gcomhpháirt go sítheach leis an domhan go léir. Géilleann sé don chomhoibriú idir dhaoine aonair, cultúir agus náisiúin.

An bhfuil an creideamh seo tábhachtach don domhan go léir sa lá atá inniu ann dar leat?

---

Mínigh do thuairim.

---

---

---

---

(4 marc)

### ROINN 3

Freagair CEANN AMHÁIN de na ceisteanna 1, 2, 3, 4 thíos.  
Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.  
Tá leathanach bán le haghaidh cheisteanna na bpóstaer ar chúl  
an fhreagarleabhair seo.  
Má tá breis páipéir uait chun an cheist seo a fhreagairt,  
iarr ar an bhFeitheoir Scrúdaithe é, le do thoil.

1.



#### Toghchán Uachtaránachta 2011

An Fómhar seo, vótálfaidh toghchóirí na hÉireann don chéad Uachtarán eile ar Éirinn. Tá ceithre bliana déag ann ó bhí an toghchán uachtaránachta deireanach ann. Dá bhrí sin, i gcás mórán daoine, seo an chéad uair a vótálfaidh siad d'Uachtarán.

- (a) Mar chuid de thionscadal gníomhaíochta, tá beartaithe ag do rang OSSP leabhrán gairid ar a dtabharfar 'Uachtarán na hÉireann' a chur le chéile chun cabhrú le daoine atá ag vótáil den chéad uair. Scríobh réamhrá don leabhrán agus bíodh **TRÍ** phíosa thábhachtacha eolais ann mar gheall ar obair Uachtarán na hÉireann. (6 marc)
- (b) Seachas leabhrán a chur le chéile, scríobh paragraf ag déanamh cur síos ar ghníomh **AMHÁIN EILE** a d'fhéadfadh do rang OSSP a dhéanamh chun toghchóirí i do phobal a spreagadh le dul amach agus vóta a chaitheamh sa Toghchán Uachtaránachta. Mínigh obair **DHÁ** choiste/fhoireann a d'fhéadfadh do rang a chur ar bun chun an obair seo a dhéanamh. (6 marc)
- (c) Déan cur síos ar **CHEITHRE** shlí ina bhféadfadh feachtasóirí tacaíocht a fháil dá n-iarrthóir féin le linn an fheachtais toghchánaíochta. (8 marc)

2.



#### Lá Idirnáisiúnta na Síochána, 21 Meán Fómhair

Iarrann na Náisiúin Aontaithe orainn lá saor ón bhforéigean, lá sosanna comhraic, a bheith againn agus gníomh a dhéanamh ar son na síochána ar fud an domhain ar an 21 Meán Fómhair gach bliain. Tá beartaithe ag do rang OSSP an lá seo a chomóradh.

- (a) Scríobh óráid ghearr do thionól na scoile ag míniú cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh gach duine i bpobal na scoile gníomh ar son na síochána. Tabhair **TRÍ** chúis a bhfuil seo tábhachtach dar le do rangsa. (6 marc)
- (b) Is é an téama atá roghnaithe agat don lá ná 'Deireadh le Foréigean ar Domhan'. Dear póstaer bunaithe ar an téama seo a dhéanfaidh **FEASACHT A SPREAGADH** i bpobal do scoile mar gheall ar Lá Idirnáisiúnta na Síochána.  
(Tá leathanach bán don phóstaer le fáil ag cúl an fhreagarleabhair seo.) (6 marc)
- (c) Seachas póstaer a dhearadh, scríobh paragraf ag cur síos ar **DHÁ** ghníomh **EILE** a d'fhéadfadh do rang OSSP a dhéanamh chun béim a leagan ar Lá Idirnáisiúnta na Síochána. (8 marc)

3.



### An tAontas Eorpach

Mar Thionscadal Gníomhaíochta, tá cuireadh tugtha ag do rang OSSP d'Fheisire de Pharlaimint na hEorpa (FPE) teacht agus labhairt le do scoil. Rinneadh do rang roinnte ina choistí nó ina ghrúpaí chun an Tionscadal Gníomhaíochta seo a dhéanamh.

- (a) Ainmnigh **TRÍ** choiste/ghrúpa a bheadh ag teastáil uait chun an Tionscadal Gníomhaíochta seo a dhéanamh agus déan cur síos ar a gcuid oibre. (6 marc)
- (b) Scríobh **TRÍ** cheist a chuirfeá ar an bhFeisire de Pharlaimint na hEorpa mar gheall ar obair FPE san Aontas Eorpach agus mínigh cén fáth a gcuirfeá **GACH** ceann de na ceisteanna seo. (6 marc)
- (c) Teastaíonn ó do rang OSSP go dtabharfadh an FPE dhá mholadh dá gcuid ar ais go dtí Parlaimint na hEorpa. Scríobh litir ag gabháil buíochais leis an FPE. Sa litir seo mínigh rud **AMHÁIN** a bhí spéisiúil mar gheall ar an gcuairt, dar leat, tabhair cuntas ar an **DÁ** mholadh ó do rang agus tabhair na cúiseanna ar roghnaigh tú **GACH** ceann de na moltaí seo. (8 marc)

4.



### Trasrian Síogach

Le tamall anuas anois, tá do phobal ag iarraidh ar an gComhairle áitiúil trasrian síogach a chur ar bhóthar ar a mbíonn trácht trom gar do do scoil. Tá beartaithe ag do rang gur mhaith leo gníomhaíocht a dhéanamh chun tacú leis an iarratas seo.

- (a) Scríobh paragraf ag déanamh cur síos ar **THRÍ** shlí ina mbaileodh do rang fianaise chun a chruthú go bhfuil gá le trasrian síogach ar an mbóthar seo. (6 marc)
- (b) Tá cruinniú poiblí le bheith sa halla pobail áitiúil sa chaoi is gur féidir le daoine an cheist seo a phlé. Iarradh ar do rang cabhrú chun poiblíocht a thabhairt don chruinniú seo. Dear póstaer a d'úsáidfeá chun daoine a **SPREAGADH** le freastal ar an gcruinniú seo. Bíodh **SLUÁN (SLUAGHAIRM)** agat ar an bpóstaer. (Tá leathanach bán don phóstaer le fáil ag cúl an fhreagarleabhair seo.) (6 marc)
- (c) Tar éis an chruinnithe, tá iarrtha ort litir a scríobh go dtí an Chomhairle áitiúil ag míniú cé tú féin, ag tabhairt **CÚIS AMHÁIN** a bhfuil litir á scríobh agat agus **DHÁ CHÚIS** a bhfuil gá le trasrian síogach gar do do scoil, dar leat. Ná déan dearmad freagra a éileamh ar do litir. (8 marc)

---

Cuir tic [✓] leis an gceist as Roinn 3 atá tú á freagairt, le do thoil.

C.1

C.2

C.3

C.4

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---



**Chun an cheist ar an bPÓSTAER [C2 (b) nó C4 (b)] i Roinn 3 amháin a fhreagairt.**